# Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

**Déardaoin an 10 Feabhra 2022 ar 11:00**

**Físchomhdháil**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey, Cathaoirleach<br>An Dr Marie Bourke<br>An tOll. Maeve Conrick<br>John Grenham<br>Lisa Grimm<br>Lorelei Harris<br>An Dr Conor Kostick<br>Katherine McSharry<br>An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh<br>An tOll. Kalpana Shankar<br>Caitriona Sharkey<br>Jennifer Taaffe |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>An Dr Sandra Collins, Stiúrthóir (1-13.1i)<br>Susan O'Donnell, Rúnaí Gníomhach<br><br>Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastát (5.1-5.3; 8.2, 8.4; agus 10.2.1 amháin)<br>Seán Holly, Ceannasaí Acmhainní Daonna (9.1 amháin)<br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí (10.1.1-10.1.5 amháin) |
| Nóta: Is éard atá i gceist le (5.1-5.3) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sin sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird/ball foirne eile i láthair don chruinniú iomlán. | |

## 1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt ag an mBord agus glacadh le clár oibre an chruinnithe.

**Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann, ghlac le clár oibre an chruinnithe; dheimhnigh nach raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt.**

Nóta: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

## 2. Miontuairiscí

### 2.1 Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 2 Nollaig 2021 agus a bhfoilsiú

**Rinne an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 2 Deireadh Fómhair 2021 a fhaomhadh, ar an gcoinníoll go nach mbeadh téacs folaithe ann i gcás ainmneacha na soláthraithe i Mír 8, Cásanna Gnó, agus thug faomhadh go bhfoilseofaí na miontuairiscí faofa agus téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.**

### 2.2 Dréacht de Aide-mémoire ar an gcruinniú Boird ar an 3 Meitheamh 2021

Chuir an Stiúrthóir an aide-mémoire dréachta ar fáil.

**Rinne an Bord an aide-mémoire dréachta den chruinniú Boird ar an 3 Meitheamh 2021 a fhaomhadh.**

## 3. Nithe ag éirí as

Thug an Stiúrthóir achoimre ghearr don Bhord ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as. Rinneadh plé ní ba mhionsonraithe ar na gníomhartha seo a leanas:

Gníomh 19.2.3: Luaigh an Stiúrthóir go bhfuil athbhreithniú seachtrach ar an mBord le bheith curtha i gcrích faoin 30 Meitheamh 2022 agus go bhfuil an Bord le gníomhaíochtaí a ainmniú atáthar ag iarraidh tabhairt fúthu le níos mó eolais a fháil faoin Leabharlann, ar aon dul leis na turais a rinne an Bord le gairid thart ar an Sciathán Thiar.

Gníomh 20.2.5: Dúirt an Stiúrthóir go bhfoilseofaí miontuairiscí an Bhoird ón 8 Aibreán 2021 go dtí an 10 Feabhra 2022 ar líne in am trátha.

Gníomh 2021.2.2: Luaigh an Stiúrthóir go bhfuil an dréacht-Mheabhrán Tuisceana maidir leis na socruithe molta nua Rialachais faighte ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) agus go bhfuil athbhreithniú déanta ag an gcoiste orthu. Féach mír 5.2 ar an gclár oibre.

Gníomh 21.5.2: Dúirt an Stiúrthóir go ndeachaigh na Comhaltaí Boird ar thuras ar an Sciathán Thiar ó bhí an cruinniú deireanach den Bhord ann. Measadh go raibh críoch leis an ngníomh seo.

**Thug an Bord tábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as ar aire.**

## 4. Tuairisc an Stiúrthóra

Thug an Stiúrthóir faisnéisiú don Bhord mar seo a leanas:

- Pleanáil aistrithe: Is é an 28 Feabhra 2022 an lá deireanach a bheidh ag an Stiúrthóir san oifig agus saoire bhliantúil ann go dtí an 20 Márta 2022. Beidh an Leas-Stiúrthóir mar ionadaí ón 1 Márta ar aghaidh agus mar Stiúrthóir Gníomhach ón 21 Márta 2022 ar aghaidh. Thug an Stiúrthóir le fios go bhfuil próiseas aistrithe ar bun agus go bhfuil an Cathaoirleach á choinneáil ar an eolas faoi i rith an ama. Táthar ag fanacht le ceadú a fháil ón RTCEGSM do ról an Stiúrthóra agus, idir an dá linn, moltar soláthraí seirbhíse earcaíochta a fháil, ar aon dul le forais chultúir náisiúnta eile.

  **Thug an Bord faomhadh chun seirbhísí le Stiúrthóir a earcú, ar bhuiséad measta [redacted].**

  **Thug an Bord ar aire go mbeadh amlíne mheasta earcaíochta sé mhí ann. Thug an Bord ar aire go bhfuil an Ceannasaí Acmhainní Daonna ag bainistiú an phróisis thar ceann an Chathaoirligh agus ag gníomhú de bhun a threorach.**

  **D'iarr an Bord eolas breise faoin bpróiseas a bhí ann i gcásanna roimhe seo le Stiúrthóir a earcú.**

- Thug an Stiúrthóir ar aire an achoimre ar Ghníomhaíochtaí Gaeilge sa Leabharlann Náisiúnta, a luadh i gcomhthéacs aiseolas a fuarthas agus Straitéis nua 2022-2026 á hullmhú.

**Thug an Bord tuairisc an Stiúrthóra ar aire.**

## 5. An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua: Tionscadal Forbartha Caipitil

### 5.1 Tuairisc chun dáta maidir le costais an tionscadail

**Thug an Bord ar aire an méadú ar na costais ar chlár Thionscadal Forbartha Caipitil LNÉ agus na tosca a imríonn tionchar ar na costais sin.**

**Tá an Bord ag tacú go mór leis an togra a chuirfear faoi bhráid an Aire lena fhaomhadh, is é sin go sonrach na costais a fhaomhadh mar atá siad leagtha amach, [redacted], agus Céim 2b agus Céim 3 a chónascadh.**

**Mhol an Bord go láidir go gcuirfeadh an tAire dlús le hathbhreithniú agus faomhadh an togra seo.**

### 5.2 Meabhrán tuisceana agus aiseolas ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca

Dúirt Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) go ndearna an Coiste plé ar an dréacht-Mheabhrán Tuisceana idir an RTCEGSM, Oifig na nOibreacha Poiblí agus LNÉ agus luaigh go mbeadh níos mó riaracháin le déanamh ag LNÉ dá bharr. Chuir an CIR fáilte roimh an dul chun cinn atá déanta ar an Tionscadal.

**Thug an Bord ar aire an dréacht-Mheabhrán Tuisceana don Tionscadal Forbartha Caipitil mar atá sé uasdátaithe ag Byrne Wallace, chomh maith le breathnuithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an ábhar.**

### 5.3 Clár Rioscaí don Tionscadal Forbartha Caipitil

Dúirt Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndearna an CIR plé ar an gClár Rioscaí don Tionscadal Forbartha Caipitil mar chuid dá chruinniú ar an 26 Eanáir 2022 agus gur thug an Clár léargas cuimsitheach ar an riosca agus maolú atá ag baint leis an Tionscadal.

**Thug an Bord an Clár Rioscaí don Tionscadal Forbartha Caipitil ar aire.**

**Ghabh an Bord buíochas leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca as athbhreithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann leis an Tionscadal Forbartha Caipitil.**

## 6. Straitéis

### 6.1 Straitéis nua LNÉ 2022-2026

Chuir an Bord fáilte roimh an téacs athbhreithnithe de Straitéis nua LNÉ 2022-2026 mar a moladh mar chuid de cheardlann Straitéise an Bhoird i nDeireadh Fómhair 2021.

**D’fhaomh an Bord téacs Straitéis LNÉ 2022-2026 mar an téacs deiridh agus thug faomhadh le go rachadh an téacs ar aghaidh chun a dheartha agus a fhoilsithe.**

**Thug an Bord an litir freagartha ón RTCEGSM agus na torthaí ón gcomhairliúchán poiblí ar aire.**

**Thoiligh an Bord go dtabharfaí ainm daoine sa doiciméad deiridh Straitéise chun aitheantas a thabhairt do na Comhaltaí Boird agus don Chathaoirleach as an méid a chuir siad leis an Straitéis.**

### 6.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha Eagraíochta LNÉ

#### 6.2.1 Tosaíochtaí Straitéiseacha Eagraíochta LNÉ 2022

**Rinne an Bord dréacht-tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha na heagraíochta do 2022 a fhaomhadh.**

**6.2.2 Tuairisc ar Thosaíochtaí Straitéiseacha Eagraíochta LNÉ 2021**

**Thug an Bord an tuairisc ar thosaíochtaí straitéiseacha eagraíochta LNÉ 2021 ar aire.**

**Chuir an Bord fáilte roimh cheapachán Eoghain Uí Charragáin mar Cheannasaí Bailiúchán Digiteach.**

## 7. Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2022

**D'fhaomh an Bord Comhaontú Maoirseachta 2022 idir an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.**

**Thug an Bord Comhaontú Maoirseachta 2022 idir an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar aire.**

## 8. Cásanna Gnó

### 8.1 Bailiúcháin Fhoilsithe: Soláthraithe Leabhar

Tar éis tuairisc chun dáta a fháil ón mBord, tugadh ar aire go bhfuil sé curtha in iúl ag duine san earnáil foilsitheoireachta in Éirinn go bhfuil dúshlán romhainn ó thaobh méadú ar phraghas an pháipéir de.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, táthar chun an próiseas a bhaineann le soláthraí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, ProQuest LLC, a roghnú mar sholáthraí do LNÉ a dheimhniú don chéad chruinniú eile.

Dheimhnigh an Stiúrthóir go mbeadh an chéad tairiscint eile le cur faoi bhráid an Bhoird lena hathbhreithniú i Samhain 2023.

**Thoiligh an Bord síneadh ama a chur leis na conarthaí atá ann faoi láthair le ProQuest agus**

**O'Mahony's le leabhair nua arna bhfoilsiú taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann agus leabhair spéise Éireannach dara láimhe a sholáthar a) ar feadh bliana ó Aibreán 2022 amach agus b) ar feadh ocht (8) mí eile go dtí an 30 Samhain 2023, de réir mar atá ceadaithe faoi théarmaí na gconarthaí reatha; agus**

**Thoiligh an Bord méadú a chur leis an mbuiséad a thugtar le leabhair nua spéise Éireannach a fháil gur [redacted].**

**8.2 Eastáit: Tairiscint don Chás Gnó Deiridh don Tionscadal Forbartha Caipitil**

**Thug an Bord faomhadh go n-eiseofaí tairiscint chun 'Cás Gnó Deiridh' a ullmhú don Tionscadal Forbartha Caipitil i gcomhréir leis na ceanglais sa Chód Caiteachais Phoiblí.**

**8.3 Bailiúcháin Speisialta: Tionscadal Catalógaithe Chartlann Band Aid**

**Thug an Bord faomhadh le go rachadh LNÉ ar aghaidh chun conartha le Eneclann Ltd chun seirbhísí catalógaithe a thabhairt i dtaca le grianghraif, déantáin agus earraí cuimhneacháin i gCartlann Band Aid faoi Bheart 1: Cruthú Meiteashonraí, Dearbhú Cáilíochta agus Feabhsú Chreat-Chomhaontú Sheirbhísí Bainistíochta Bailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta. Tá sé seo lena chríochnú thar thréimhse 36 seachtain in 2022 agus an costas a bheidh air, CBL san áireamh, ná [redacted].**

**8.4 Eastáit: Seirbhísí Slándála ar Conradh LNÉ**

Luaigh an Ceannasaí Eastát, Brian O'Donnell, gur thug an Bord faomhadh mar chuid de chruinniú an Bhoird ar an 2 Nollaig go mbronnfaí an Conradh le haghaidh Seirbhísí Slándála LNÉ ar Momentum Support Services Ltd. Ós rud é go ndearna an soláthraí iarracht na rátaí a bhí leagtha amach sa tairiscint a athrú roimh na

conarthaí a shíneadh, agus tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, bhí LNÉ den tuairim nár cheart leanúint ar aghaidh ar an mbonn sin. Bhíothas ag lorg ceadú ón mBord anois chun dul i mbun plé leis an soláthraí seirbhíse a fuair an chéad mharc is airde eile ó thaobh tairisceana de, OCS Ireland, an méid sin ag brath ar chomhairle dlí faoin gcur chuige is fearr.

Fuarthas síneadh sealadach leis an tseirbhís ón soláthraí reatha ar bhonn neamhiomaíoch ós rud é go bhfuil sé éigeantach go mbeidh seirbhísí slándála ann do LNÉ.

**Thug an Bord an t-athrú atá beartaithe ar an soláthraí seirbhísí slándála ar aire, chomh maith leis na cúiseanna taobh thiar den mholadh sin.**

**Thug an Bord faomhadh chun Conradh LNÉ le haghaidh Seirbhísí Slándála a bhronnadh ar OSC Ireland Ltd. Conradh dhá bhliain a bheidh ann agus dhá rogha ann síneadh bliana a chur leis, faoi réir comhairle dlí. Is é costas airgeadais an tionscadail, [redacted].**

## 8.5 Forbairt: Seirbhísí Caidrimh Phoiblí agus Cumarsáide

Chuir an Stiúrthóir in iúl gur cuireadh tús leis an gconradh seirbhíse reatha in 2016 agus gur mhair sé go dtí an 3 Deireadh Fómhair 2021. Ós rud é go ndearnadh athruithe ar bhaill na Foirne Ceannaireachta, agus tionchar dá bharr sin ar an Oifig Forbartha, ní rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh ar an gconradh nua le haghaidh Seirbhísí Caidrimh Phoiblí agus Cumarsáide in 2021. Cuireadh an Bord ar an eolas faoin méid sin mar chuid den chruinniú Boird i Lúnasa 2021. Tá an Ceannasaí nua Cumarsáide agus Forbartha ag obair anois chun tús a chur leis an bpróiseas soláthair. Meastar go gcuirfear i gcrích é san fhómhar in 2022.

**Thug an Bord ar aire an cuspóir go gcuirfí síneadh ama leis an gconradh idir LNÉ agus DHR ar bhonn**

**eatramhach neamhiomaíoch go dtí mbeidh an próiseas soláthair i gcrích agus cuideachta Caidrimh Phoiblí ceaptha.**

**Thug an Bord an nuashonrú ar aire maidir le cuireadh chun tairisceana a eisiúint le haghaidh Seirbhísí Caidrimh Phoiblí agus Cumarsáide, mar atá beartaithe do 2022.**

## 9. Beartais

### 9.1 Acmhainní Daonna: Beartas um Obair Chumaisc

Chuir an Ceannasaí Acmhainní Daonna, Seán Holly, an dréacht-Bheartas um Obair Chumaisc i láthair lena athbhreithniú.

Mar fhreagra ar cheisteanna ón mBord, chuir an Ceannasaí Acmhainní Daonna na nithe seo in iúl: go mbeadh an dréacht-Bheartas ag freagairt don Bhille chun Cianobair a iarraidh, 2021, de réir mar is gá; go bhfuil an Ceardchumann ar an eolas faoin mBeartas; nach féidir le gach ball foirne a bheith ag obair ón mbaile, mar gheall ar phróifíl na ról.

Chuir an Bord fáilte roimh an mBeartas um Obair Chumaisc a thabhairt isteach ós rud é go bhféadfadh an obair sholúbtha a bheith mar áis le daoine a choinneáil i gcás róil áirithe.

Thug an Bord ar aire an próiseas atá ann chun athruithe a dhéanamh ar shocruithe solúbtha nó chun iad a bhaint agus an tábhacht a bhaineann leis an bpróiseas sin. Maille leis sin, mhol an Bord gur chóir cumarsáid shoiléir a dhéanamh le gach ball foirne gur Beartas é seo atá i gcéim thástála.

**Rinne an Bord an Beartas um Obair Chumaisc a fhaomhadh.**

**Thug an Bord ar aire go mbeadh faill ann athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo i Meán Fómhair 2022.**

## 10. Gnóthaí Corparáideacha

### 10.1 Cúrsaí Airgeadais

#### 10.1.1 Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Samhain 2021

Dheimhnigh an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí, Kathleen Ruane, go raibh an barrachas do mhí na Samhna ann toisc gur bhfuarthas cistiú na Roinne go luath; toisc go bhfuarthas cistiú breise le saothar a fháil; agus toisc go raibh an t-ioncam níos airde ná an buiséad. Tugadh le tuiscint sna dréachtchuntais bhainistíochta don 31 Nollaig 2021 go bhfillfeadh na cuntais chun buiséid.

Dheimhnigh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) go ndearna an CIR athbhreithniú ar na dréacht-chuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Samhain 2021 ar an 26 Eanáir 2022 agus gur mhol an coiste go ndéanfadh an Bord iad a fhaomhadh.

**Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Samhain 2021 a fhaomhadh.**

#### 10.1.2 Buiséad Ardleibhéil 2022

D’fhreagair an Ceannasaí Airgeadais ceist ón mBord maidir leis an mbarrachas buiséid, agus dúirt go raibh an Roinn ar an eolas faoin mbarrachas ós rud é go bhfuil cead á lorg ag an LNÉ an méid sin a thabhairt anonn go dtí an bhliain airgeadais atá romhainn.

Chuir Cathaoirleach an CIR an Bord ar an eolas go ndearna an CIR athbhreithniú ar dhréachtbhuiséad ardleibhéil 2022 ar an 26

Eanáir 2022 agus gur mhol don Bhord é lena fhaomhadh.

**Rinne an Bord dréachtbhuiséad ardleibhéil 2022 a fhaomhadh faoi mar a bhaineann le leithdháileadh an bhuiséid faoina mbun seo:**

- **Fo-cheannteideal B11 - Neamhphá reatha;**
- **Fo-cheannteideal B11 - Caipiteal;**
- **Fo-cheannteideal B7 - An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua - Forbairt Caipitil; agus**
- **Fo-cheannteideal B7 - Cistiú Digitithe.**

**10.1.3 Iniúchadh inmheánach: Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha 2021 agus an Dréachtráiteas ar Rialú**

**Thug an Bord ar aire go bhfuil foráil sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur chóir don Bhord athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh gar do dheireadh na tréimhse atá á hathbhreithniú nó chomh gar agus is féidir do dheireadh na tréimhse airgeadais atá á hathbhreithniú agus tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na tréimhse, i.e., 31 Márta 2022.**

**Rinne an Bord athbhreithniú ar na gnéithe seo d'éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2021:**

- **An t-iniúchadh seachtrach agus litir na bainistíochta. Thug an Bord ar aire litir na bainistíochta ón iniúchadh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020.**

- **Na tuarascálacha ar an iniúchóireacht inmheánach. Thug an Bord ar aire Tuarascáil na hIniúchóireachta Inmheánaí maidir le Córais agus Nósanna Imeachta um an RGCS; Tuarascáil na hIniúchóireachta Inmheánaí maidir leis an gCreat um Bainistíocht Riosca; agus Tuarascáil**

**na hIniúchóireachta Inmheánaí faoin Athbhreithniú Ardleibhéil ar Rialuithe Inmheánacha 2021.**

- **Bainistíocht Riosca.**

- **Tuairisciú an Fheidhmeannais don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord i gcaitheamh na bliana.**

- **Tuairisciú an CIR don Bhord. Dúirt Cathaoirleach an CIR leis an mBord go ndearna an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2021 mar chuid de chruinniú an Choiste ar an 26 Eanáir 2022. Ós rud é gur tháinig toradh sásúil as an iniúchóireacht inmheánach ar an athbhreithniú ardleibhéil ar rialuithe inmheánacha do 2021, a fuarthas i ndiaidh an chruinnithe sin, chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord go raibh an CIR sásta éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2021 a mholadh.**

**I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2021, thug an Bord faomhadh don dréachtráiteas ar rialuithe inmheánacha 2021.**

**10.1.4 Sainordú Bainc LNÉ**

Socraíodh go mbeadh an Stiúrthóir ag críochnú ina ról i Márta 2022. Mar sin, bhí athruithe le déanamh ar an sainordú bainc.

**Rinne an Bord na hathruithe molta ar Shainordú Bainc LNÉ a fhaomhadh.**

**10.1.5 Iontaobhas LNÉ**

**Dheimhnigh an Bord go raibh siad toilteanach a bheith cláraithe mar chomhaltaí ar Iontaobhas LNÉ mar chuid**

**den chéad chruinniú Comhairle eile a bheadh ag Iontaobhas LNÉ.**

**10.2 Bainistíocht Riosca**

**10.2.1 Ionduchtú in aimsir COVID-19, Measúnú Riosca agus Plean Leanúnachais um Oibriú Gnó**

**D'fhaomh an Bord an Measúnú Riosca agus an Plean Leanúnachais um Oibriú Gnó. Thug an Bord an tIonduchtú nuashonraithe in aimsir COVID-19 ar aire.**

**11. Coistí an Bhoird**

**11.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuairisc an 26 Eanáir 2022 agus miontuairiscí an 19 Samhain 2021 agus an 19 Bealtaine 2021**

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) faisnéisiú don Bhord maidir le cruinniú an Choiste sin ar an 26 Eanáir 2022.

Thug Cathaoirleach an CIR aitheantas don obair-mhór atá déanta ag an gCeannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí.

**Thug an Bord an dá rud ar aire, is iad sin tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 26 Eanáir 2022; agus na miontuairiscí faofa ó chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 19 Bealtaine 2021 agus an 19 Samhain 2021.**

**11.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas**

**Thug an Bord ar aire an faisnéisiú a thug Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas faoin gclár oibre a bhí beartaithe don chéad chruinniú a bheidh ag an gcoiste sin ar an 23 Feabhra 2022.**

### 11.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí

Comhaontaíodh mar chuid de chruinniú an Bhoird ar an 7 Deireadh Fómhair 2021 gurb iad seo a leanas na comhaltaí ón mBord a bheadh ar an gCoiste Comhairleach Léitheoirí: An tUas. Lorelei Harris, Cathaoirleach; agus an tUas. Katherine McSharry. Caithfear ceathrar comhaltaí seachtracha a cheapadh chomh maith, duine acu as gach cúige, i gcomhréir leis an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Mhol an Cathaoirleach na comhaltaí seo a leanas don Choiste Comhairleach Léitheoirí le go ndéanfadh an Bord iad a fhaomhadh:

- Cúige Laighean: Lian Bell;
- Cúige Mumhan: Liam O'Brien;
- Cúige Chonnacht: Harry Hughes; agus
- Cúige Uladh: An tOll. Mary O'Dowd.

**Thug an Bord faomhadh do chomhaltas na gcomhaltaí neamh-Bhoird ar an gCoiste Comhairleach Léitheoirí.**

## 12. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin an 7 Aibreán 2022, 11:00

**Thug an Bord ar aire go mbeadh an chéad chruinniú Boird eile ann Déardaoin, an 7 Aibreán 2022 ar 11:00.**

**Rachaidh an Cathaoirleach i dteagmháil leis an mBord mí roimh ré le fáil amach arbh fhearr leis na comhaltaí cruinniú a bheith acu le chéile ar an láthair nó go fíorúil.**

## 13. Aon Ghnó Eile

### 13.1 An Stiúrthóir ag Éirí as a Ról

i. **Ghabh an Bord míle buíochas leis an Stiúrthóir atá ag éirí as, an Dr Sandra Collins, as an obair mhór atá déanta aici ar son Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.**

D’fhág an Stiúrthóir an cruinniú.

ii. **Rinne an Bord plé ar dhóigh le himeacht an Stiúrthóra reatha ón Leabharlann Náisiúnta a chomóradh.**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**